Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Iúil 2023
(OR. en)

11594/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0278(NLE)**

PECHE 285

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 425 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhdháil bhliantúil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/866 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 425 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 425 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2023
COM(2023) 425 final

2023/0278 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhdháil bhliantúil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/866

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le Cinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcruinnithe Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir don tréimhse 2024-2028 i dtaca le glacadh na mbeart caomhnaithe agus bainistithe atá beartaithe.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir

Is é is aidhm don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir (Coinbhinsiún Mhuir Bheiring), trí Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún a bhunú, caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe acmhainní mangach i limistéar an Choinbhinsiúin a áirithiú. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 8 Nollaig 1995.

Is páirtí conarthach i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring í Poblacht na Polainne. Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún. I gcomhréir le hAirteagal 6(9) den Ionstraim Aontachais[1], is é an tAontas atá le comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhainistiú agus tá an tAontas le haon chinneadh arna mbunú faoi na comhaontuithe sin a chur chun feidhme.

Le Cinneadh 7277/16 ón gComhairle an 11 Aibreán 2016 tugadh údarú don Pholainn leasú ar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a chaibidliú ar leas an Aontais d'fhonn go dtiocfadh an tAontas chun bheith ina pháirtí conarthach. I mí Dheireadh Fómhair 2016 mhol an Pholainn an leasú sin ar Thaiscí Choinbhinsiúin Mhuir Bheiring. Níor tugadh an chaibidlíocht sin chun críche fós. Le Cinneadh (AE) 2023/575 ón gComhairle an 9 Márta 2023 tugadh údarú don Pholainn an leasú ar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a dhaingniú, ar leas an Aontais Eorpaigh, lena ligfeadh don Choimisiún a bheith rannpháirteach mar pháirtí sa Choinbhinsiún sin. Tuigtear go dtarraingeoidh an Pholainn a Ballraíocht siar ar ghlacadh an Aontais mar pháirtí conarthach iomlán.

### 2.2. Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe

Is é Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe an comhlacht a bunaíodh le Coinbhinsiún Mhuir Bheiring le bheith freagrach as bainistiú agus caomhnú acmhainní mangach i limistéar an Choinbhinsiúin. Glacann sí bearta caomhnaithe agus bainistithe chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe acmhainní iascaigh atá faoina raon feidhme a áirithiú.

Mar chomhalta de Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe, tá cearta rannpháirtíochta agus vótála ag an bPolainn. Ós rud é nach páirtí é an tAontas sa Choinbhinsiún, agus go dtagann raon feidhme Choinbhinsiún Mhuir Bheiring faoi inniúlacht eisiach an Aontais, déanann an Coimisiún ionadaíocht thar ceann na Polainne ag Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe. Is trí chomhthoil a dhéanann Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe a cinntí go hiondúil.

[1] Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

### 2.3. Cinntí ó Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe

Tá an t-údarás ag Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe bearta a ghlacadh maidir leis na hiascaigh atá faoina raon feidhme agus tá na bearta sin ceangailteach ar na páirtithe conarthacha.

Tagann na bearta a chomhaontaíonn na páirtithe conarthacha i bhfeidhm díreach tar éis fógra a thabhairt do na páirtithe conarthacha ina dtaobh.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH

Leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais faoi láthair ag cruinnithe bliantúla na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) de réir cur chuige dhá shraith. Leagtar amach le Cinneadh ón gComhairle bunphrionsabail agus treoshuíomhanna sheasamh an Aontais ar bhonn ilbhliantúil agus déantar an seasamh a choigeartú ina dhiaidh sin le haghaidh gach cruinnithe bhliantúil le páipéir leathoifigiúla ó sheirbhísí an Choimisiúin atá le formhuiniú ag an gComhairle.

Maidir le Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe, cuirtear an cur chuige sin chun feidhme le Cinneadh (AE) 2019/866 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2019, lena leagtar amach seasamh an Aontais i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring don tréimhse 2019-2023. Tá bunphrionsabail agus treoshuíomhanna ginearálta sa Chinneadh, ach cuirtear sainiúlachtaí Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a d'fhéadfadh a bheith ann san áireamh a mhéid is féidir. Ina theannta sin, leagtar amach ann an próiseas caighdeánach chun seasamh an Aontais a leagan síos bliain i ndiaidh bliana, mar a d'iarr na Ballstáit.

Déantar foráil le Cinneadh (AE) 2019/866 ón gComhairle maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar sheasamh an Aontais roimh an gcruinniú bliantúil in 2024. Dá bhrí sin, leagtar amach sa togra seo seasamh an Aontais i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring don tréimhse 2024-2028 agus ar an gcaoi sin, cuirtear in ionad Chinneadh (AE) 2019/866 ón gComhairle é.

Cuimsíodh le Cinneadh (AE) 2019/866 ón gComhairle prionsabail agus treoshuíomhanna an chomhbheartais iascaigh nua (CBI), mar a leagtar síos iad i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], agus cuireadh san áireamh leis freisin na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le gné sheachtrach an chomhbheartais iascaigh[3]. Thairis sin, coigeartaíodh leis seasamh an Aontais maidir le Conradh Liospóin

I dtaca le hiascaireacht, cuimsítear leis an athbhreithniú atá ann faoi láthair an Comhaontú Glas don Eoraip, go háirithe an Straitéis Bhithéagsúlachta[4], an Straitéis um an Oiriúnú don Athrú Aeráide[5] agus an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[6]. Cuirtear san áireamh ann

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[3] COM(2011) 424, 13.7.2011.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU biodiversity strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM/2020/380).

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide] (COM/2021/82 final).

freisin an Straitéis um Plaistigh[7] agus an Plean Gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú[8]. Thairis sin, cuirtear san áireamh ann freisin an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan[9].

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe’.

Áirítear ar na ‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist agus ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d’fhéadfadh ‘tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh’[10].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún Mhuir Bheiring.

Gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo is ea na gníomhartha a iarrtar ar Chomhdháil na bPáirtithe a ghlacadh. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le Coinbhinsiún Mhuir Bheiring, agus beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear:

- Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú[11];

---

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally- friendly food system* [Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM/2020/381).

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach um Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach] COM (2018) 28 final.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: ‘Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [Plean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú] COM/2021/400 final

9 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Setting the course for a sustainable blue planet* [An bealach a réiteach do phláinéad inbhuanaithe gorm] JOIN (2022) 28 final.

10 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

11 IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.

- Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú[12]; agus
- Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha[13].

Na gníomhartha atá beartaithe, ní gníomhartha iad lena ndéantar creat institiúideach Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an Chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a nglactar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh sin nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an iascach a bhaineann an príomhchuspóir agus ábhar an ghníomh atá beartaithe. Is é Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 an gníomh dlí lena leagtar amach na prionsabail atá le léiriú leis an seasamh seo.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 43(2) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe. Tá an Cinneadh le cur in ionad Chinneadh (AE) 2019/866 ón gComhairle.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 43(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gCinneadh atá beartaithe.

---

12 IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
13 IO L 347, 28.12.2017, lch. 81.

2023/0278 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhdháil bhliantúil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/866

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is Páirtí Conarthach í Poblacht na Polainne sa Coinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir ('Coinbhinsiún Mhuir Bheiring'). Níl an tAontas ina Pháirtí sa Choinbhinsiún sin. I gcomhréir le hAirteagal 6(9) den Ionstraim Aontachais[1], is é an tAontas a bhainistíonn comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit le tríú tíortha agus ba cheart don Aontas aon chinneadh arna mbunú faoi Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a chur chun feidhme.

(2) Le Cinneadh 7277/16 ón gComhairle an 11 Aibreán 2016 tugadh údarú don Pholainn leasú ar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a chaibidliú ar leas an Aontais d'fhonn go dtiocfadh an tAontas chun bheith ina Pháirtí sa Choinbhinsiún sin. I mí Dheireadh Fómhair 2016 mhol an Pholainn an leasú sin ar Choinbhinsiúin Mhuir Bheiring do Thaiscí an Choinbhinsiúin sin.

(3) Le Cinneadh (AE) 2023/575 ón gComhairle an 9 Márta 2023 tugadh údarú don Pholainn an leasú ar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a dhaingniú, ar leas an Aontais Eorpaigh, lena ligfeadh don Choimisiún a bheith rannpháirteach mar pháirtí sa Choinbhinsiún sin[2]. Tuigtear go dtarraingeoidh Poblacht na Polainne a ballraíocht sa Choinbhinsiún siar ar ghlacadh an Aontais mar pháirtí iomlán i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring.

(4) Is é Comhdháil Bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring ('Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe') atá freagrach as bainistiú agus caomhnú Acmhainní Mangach i Limistéar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh bearta den sórt sin chun bheith ina gceangal ar an Aontas.

[1] Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

[2] Cinneadh (AE) 2023/575 ón gComhairle an 9 Márta 2023 lena n-údaraítear don Pholainn an leasú ar an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir a dhaingniú, chun leas an Aontais Eorpaigh (IO L 75, 14.3.2023, lch. 15).

(5) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], foráiltear go bhfuil an tAontas lena áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia. Foráiltear leis freisin go bhfuil an tAontas le cur chuige an réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus go mbeidh sé d'aidhm aige a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á mbuain a athbhunú agus a choinneáil ar leibhéil atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Ina theannta sin, foráiltear leis go bhfuil an tAontas le bearta bainistithe agus caomhnaithe a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, tacú le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, deireadh a chur de réir a chéile le hábhar muirí aischurtha agus modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí a dhéanamh agus le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir, agus le hiascaireacht a bhfuil ísealtionchar aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh. Ina theannta sin, foráiltear go sonrach le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhfuil an tAontas leis na cuspóirí agus na prionsabail sin a chur i bhfeidhm agus é i mbun a chuid caidreamh seachtrach iascaigh.

(6) I gcomhréir leis an Straitéis Bhithéagsúlachta[4], an Straitéis um an Oiriúnú don Athrú Aeráide[5] agus an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[6], tá sé ríthábhachtach an dúlra a chosaint agus díghrádú na n-éiceachóras a aisiompú. Maidir leis na rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta, is gá nár bhaol a bheadh iontu d'infhaighteacht na n-earraí agus na seirbhísí a chuireann éiceachórais shláintiúla mhuirí ar fáil d'iascairí, do phobail chósta agus don chine daonna i gcoitinne.

(7) Déantar tagairt sa Straitéis um Plaistigh[7] do bhearta sonracha chun plaistigh agus truailliú muirí chomh maith le cailleadh nó tréigean trealaimh iascaireachta ar muir a laghdú. Thairis sin, is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir

---

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU biodiversity strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM/2020/380).

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide] (COM/2021/82 final).

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally- friendly food system* [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM/2020/381).

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach um Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach] COM (2018) 28 final.

saor ó thruailliú[8] laghdú 50 % a dhéanamh ar bhruscar plaisteach ar muir agus laghdú 30 % a dhéanamh ar mhicreaphlaistigh a scaoiltear sa chomhshaol.

(8) Faoin Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan[9], príomhthosaíochtaí faoi ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais is ea cosaint agus caomhnú na bithéagsúlachta muirí. Is é an tAontas Eorpach an gníomhaí is suntasaí in Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) agus i gcomhlachtaí iascaigh ar fud an domhain. Dá bhrí sin, cuireann an tAontas inbhuanaitheacht na stoc éisc chun cinn, cuireann sé cinnteoireacht thrédhearcach chun cinn atá bunaithe ar chomhairle eolaíoch fhónta, cuireann sé feabhas ar an taighde eolaíoch, agus neartaíonn sé an comhlíonadh.

(9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe de Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring a leagan síos don tréimhse 2024-2028, ós rud é go mbeidh bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a bheith ina gceangal ar an Aontas agus go bhféadfaidís tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, is iad sin Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle[10]; Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[11]; agus Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12].

(10) Faoin gcleachtas atá ann faoi láthair, is é an Coimisiún, mar ionadaí seachtrach an Aontais maidir le hinniúlacht eisiach an Aontais i leith iascaigh, a dhéanann ionadaíocht thar ceann Phoblacht na Polainne agus an Aontais ag Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring.

(11) Faoi láthair, le Cinneadh (AE) 2019/866 ón gComhairle leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring[13]. Is iomchuí an Cinneadh sin a aisghairm agus Cinneadh nua a bhunú don tréimhse 2024-2028.

---

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan:* '*Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [Plean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú] COM/2021/400 final.

9 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Setting the course for a sustainable blue planet* [An bealach a réiteach do phláinéad inbhuanaithe gorm] JOIN (2022) 28 final.

10 Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

11 Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002, Rialachán (CE) Uimh. 811/2004, Rialachán (CE) Uimh. 768/2005, Rialachán (CE) Uimh. 2115/2005, Rialachán (CE) Uimh. 2166/2005, Rialachán (CE) Uimh. 388/2006, Rialachán (CE) Uimh. 509/2007, Rialachán (CE) Uimh. 676/2007, Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007, Rialachán (CE) Uimh. 1300/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

12 Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

13 Cinneadh (AE) 2019/866 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhdháil bhliantúil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir, agus lena n-aisghairtear Cinneadh an 12

(12) I bhfianaise chineál athraitheach na n-acmhainní iascaigh i Limistéar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring agus an ghá ina dhiaidh sin le forbairtí nua a chur san áireamh i seasamh an Aontais, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch nua agus faisnéis ábhartha eile a chuirtear i láthair roimh chruinnithe Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe nó lena linn, ba cheart nósanna imeachta a bhunú le haghaidh na sonraíochta ó bhliain go bliain maidir le seasamh an Aontais don tréimhse 2024-2028. Ba cheart na seasaimh sin a bheith i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis i measc institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring.

*Airteagal 2*

Seolfar i gcomhréir le hIarscríbhinn II sonraíocht sheasamh an Aontais ó bhliain go bliain atá le glacadh i gcruinnithe Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Chomhairle seasamh an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a mheasúnú agus, i gcás inarb iomchuí, a athbhreithniú ar thogra a fháil ón gCoimisiún, le haghaidh Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring in 2029 ar a dhéanaí.

*Airteagal 4*

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/866.

*Airteagal 5*

1. Gan dochar do shainphribhléidí an Choimisiúin maidir le hionadaíocht sheachtrach an Aontais, dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Polainne go dtí go n-aontóidh an tAontas do Choinbhinsiún Mhuir Bheiring.
2. Tar éis aontachas an Aontais do Choinbhinsiún Mhuir Bheiring, seoltar an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais i gcruinnithe Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

Meitheamh 2017 lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, sa Chomhdháil bhliantúil sin (IO L 140, 28.5.2019, lch. 66).